C/2023/611

31.10.2023

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Bealtaine 2022

maidir leis na feidhmeanna beachta a cháilítear mar fheidhmeanna poiblí tábhachtacha in institiúidí agus i gcomhlachtaí an Aontais Eorpaigh

(C/2023/611)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún [1], agus go háirithe Airteagal 20a(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 20a(2) de Threoir (AE) 2015/849 go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach liosta na bhfeidhmeanna beachta a cháilítear mar fheidhmeanna poiblí tábhachtacha ar leibhéal institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais a thiomsú agus a choimeád cothrom le dáta.

(2) In Airteagal 3(9) de Threoir (AE) 2015/849, sainmhínítear duine atá faoi riteacht pholaitiúil mar dhuine a gcuirtear nó ar cuireadh feidhm phoiblí thábhacht de chúram air agus áirítear leis freisin liosta feidhmeanna a mheastar a bheith ina bhfeidhmeanna poiblí tábhachtacha. Mar sin féin, ní dhéantar aon tagairt in Airteagal 3(9) den Treoir sin d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais i gcomhthéacs feidhmeanna poiblí tábhachtacha. Dá bhrí sin, na feidhmeanna a mheastar a bheith ina bhfeidhmeanna poiblí tábhachtacha ar leibhéal institiúidí nó chomhlachtaí an Aontais, ba cheart iad a bheith bunaithe ar mheasúnú de réir analaí leis na feidhmeanna a fheidhmítear i mBallstát agus a áirítear agus a áirítear in Airteagal 3(9), pointí (a) go (g), den Treoir sin, agus gnéithe institiúideacha sonracha an Aontais á gcur san áireamh.

(3) Foráiltear le hAirteagal 3(9), pointe (a), de Threoir (AE) 2015/849 go measfar cinn Stáit, cinn rialtais, airí agus leas-airí nó airí cúnta a bheith ina ndaoine atá faoi riteacht pholaitiúil. De réir analaí, Comhaltaí Choláiste an Choimisiúin a bhfuil freagracht pholaitiúil orthu agus atá freagrach go polaitiúil do Pharlaimint na hEorpa, ba cheart a mheas go gcuirtear feidhmeanna poiblí tábhachtacha de chúram orthu. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a mheas go gcuirtear feidhmeanna poiblí tábhachtacha de chúram ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus ar Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh [2] freisin.

(4) Foráiltear le hAirteagal 3(9), pointe (b), de Threoir (AE) 2015/849 go measfar feisirí parlaiminte nó feisirí de chomhlachtaí reachtacha comhchosúla a bheith ina ndaoine atá faoi riteacht pholaitiúil. De réir analaí leis na feidhmeanna sin a fheidhmítear i mBallstát, ba cheart a mheas go gcuirtear feidhmeanna poiblí tábhachtacha de chúram ar na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa.

(5) Foráiltear le hAirteagal 3(9), pointe (d), de Threoir (AE) 2015/849 go measfar comhaltaí cúirteanna uachtaracha, comhaltaí cúirteanna bunreachtúla nó comhaltaí comhlachtaí breithiúnacha ardleibhéil eile, nach bhfuil a gcinntí faoi réir achomharc breise, ach amháin in imthosca eisceachtúla, a bheith ina ndaoine atá faoi riteacht pholaitiúil. De réir analaí leis na feidhmeanna sin a fheidhmítear i mBallstát, ba cheart a mheas go gcuirtear feidhmeanna poiblí tábhachtacha de chúram ar Bhreithiúna, ar Abhcóidí Ginearálta agus ar Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais.

[1] IO L 141, 5.6.2015, lch. 73.
[2] Déantar foráil i gConarthaí an Aontais Eorpaigh maidir le feidhm Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus comhshamhlaítear í le feidhm Chomhaltaí na n-institiúidí.

(6) Foráiltear le hAirteagal 3(9), pointe (e), de Threoir (AE) 2015/849 go measfar comhaltaí cúirteanna iniúchóirí nó comhaltaí bhord na mbanc ceannais a bheith ina ndaoine atá faoi riteacht pholaitiúil. De réir analaí leis na feidhmeanna sin a fheidhmítear i mBallstát, sa Bhanc Ceannais Eorpach, ba cheart a mheas go gcuirtear feidhmeanna poiblí tábhachtacha de chúram ar an Uachtarán, ar an Leas-Uachtarán agus ar Chomhaltaí eile an Bhoird Feidhmiúcháin, ar Chomhaltaí na Comhairle Rialaithe agus ar Chomhaltaí na Comhairle Ginearálta, mar aon leis an gCathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus Comhaltaí eile an Bhoird Maoirseachta. Maidir le Gobharnóirí bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát arb é an euro an t-airgeadra atá acu, ar Comhaltaí iad de Chomhairle Rialaithe agus de Chomhairle Ghinearálta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus Gobharnóirí bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát eile ar Comhaltaí iad de Chomhairle Ghinearálta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, áirítear iad ar na liostaí d'fheidhmeanna poiblí tábhachtacha ar an leibhéal náisiúnta. Tá an t-áireamh sin gan dochar dá stádas agus dá neamhspleáchas nuair a fheidhmíonn siad na cumhachtaí agus nuair a dhéanann siad na cúraimí agus na dualgais a thugtar dóibh leis na Conarthaí agus le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 7 den Reacht sin. Ba cheart a mheas freisin go gcuirtear feidhmeanna poiblí tábhachtacha de chúram ar Chomhaltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

(7) Foráiltear le hAirteagal 3(9), pointe (f), de Threoir (AE) 2015/849 go measfar ambasadóirí, *chargés d'affaires* agus oifigigh ardchéime sna fórsaí armtha a bheith ina ndaoine atá faoi riteacht pholaitiúil. De réir analaí leis na feidhmeanna sin a fheidhmítear i mBallstát, sa tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, ba cheart a mheas go gcuirtear feidhmeanna poiblí tábhachtacha de chúram ar Chinn thoscaireachtaí an Aontais nó ar chinn oifigí ionadaíocha an Aontais chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, de réir bhrí Airteagal 221 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (is é sin, duine ag a bhfuil céim thaidhleoireachta ambasadóra nó '*chargé d'affaires*'). Foráiltear le hAirteagal 20a(2) de Threoir (AE) 2015/849 go n-áireofar ar an liosta a thiomsóidh an Coimisiún aon fheidhm a fhéadfar a chur de chúram ar ionadaithe ó thríú tíortha agus ó chomhlachtaí idirnáisiúnta atá creidiúnaithe ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go gcuirtear feidhmeanna poiblí tábhachtacha de chúram ar Chinn Misin tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta atá creidiúnaithe don Aontas,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Cáilítear na feidhmeanna seo a leanas mar fheidhmeanna poiblí tábhachtacha in institiúidí agus i gcomhlachtaí an Aontais:

(1) feidhmeanna Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh;

(2) feidhmeanna Fheisirí Pharlaimint na hEorpa;

(3) feidhmeanna Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh;

(4) feidhmeanna Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais;

(5) sa Bhanc Ceannais Eorpach, na feidhmeanna seo a leanas:

(a) feidhmeanna an Uachtaráin, an Leas-Uachtaráin agus Chomhaltaí eile an Bhoird Feidhmiúcháin;

(b) feidhmeanna Chomhaltaí na Comhairle Rialaithe agus na Comhairle Ginearálta;

(c) feidhmeanna an Chathaoirligh, an Leas-Chathaoirligh agus Chomhaltaí eile an Bhoird Maoirseachta;

(6) feidhmeanna Chomhaltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa;

(7) sa tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, na feidhmeanna seo a leanas:

(a) feidhmeanna chinn thoscaireachtaí an Aontais nó cinn oifigí ionadaíocha an Aontais chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, de réir bhrí Airteagal 221 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

(b) feidhmeanna Chinn Misin tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta atá creidiúnaithe don Aontas.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Bealtaine 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Mairead MCGUINNESS
Comhalta den Choimisiún